COILLEARNACHA

Bíonn cuma mistéireach draíochta ar choillte leathanduilleacha na hÉireann. Silleann an solas anuas tríd an gceannbhrat sula sroicheann sé leibhéal na talún, áit a bhíonn breac san earrach le cloigíní gorma agus lán de bholadh chreamha agus de bhláthanna míne gaoithe a bhíonn duilleoga mar sheamróga orthu. Tagann na bláthanna go luath ar an sabhaircín, planda a bhaineann leas as fuinneamh na gréine sula leagann an ceannbhrat a scáil ar an talamh thíos faoi. Is beag solas a shileann síos ar an talamh sa samhradh nuair a bhíonn an ceannbhrat lán de dhuilleoga agus is iad na plandaí sin amháin atá in oiriúint don leath-sholas ar féidir leo fás ann. Ina measc siúd tá crainn mar an gcuileann agus an trom agus plandaí mar raithneach, giúnaigh agus luibheanna scáthfhulangacha. Bíonn conairí broc, sionnach, luch agus ainmhithe eile le feiceáil go soiléir tríd an gcasarnach.

Bíonn ithir na coillearnaí lán de chothaithigh de ghnáth de bharr na 'ndianscaoilteoirí': péisteanna, fungais mhicreascópacha, mílechosaigh, míolta críonna agus drúchtíní. Déanann siad dianscaoileadh agus athchúrsáil ar ábhar marbh ar an talamh mar dhuilleoga tite, lomáin agus fiú ainmhithe marbha. Bíonn a lán de na feithidí beaga seo ina mbia tábhachtach lán de phróitéin ag lucha, gráinneoga, broic agus éin.

Bhíodh formhór na hÉireann clúdaithe le coillearnacha tráth óir ba é sin toradh aiceanta formhór ár dtírdhreacha agus ár n-ithreacha éagsúla. Tugtar foraoiseacha báistí measartha orthu uaireanta agus tá siad uathúil de bharr aeráid tais na hÉireann. Is iad crainn an cheannbhrait mar an dair, an leamhán agus an fhuinseog is fusa a aithint. Fásann crainn mar an tsaileach, an fhearnóg agus an bheith go breá ar thalamh níos fliche. Is iad an t-iúr, an cuileann, an péine Albanach, an t-aiteal agus an crann neamhghnách sin, an chaithne, na crainn síorghlasa dhúchasacha amháin atá againn. Ní crainn dhúchasacha iad an fheá, an crann cnó capaill ná an seiceamar. Daoine a chuir ag fás anseo ar dtús iad. Sa chaoi céanna ní féidir glacadh leis gur gnáthóga dúchasacha iad fáschoillte de chrainn choimhthíocha mar an sprús Sitceach, an péine contórtach, agus giúis Dhúghlais óir go mbíonn réimse i bhfad níos cúinge de speicis fiadhúlra iontu ná mar a bhíonn inár gcoillearnacha dúchasacha. Tá fáschoillte buaircíneacha in ann dochar a dhéanamh don chomhshaol agus nuair a bhainistítear iad is féidir aibhneacha agus locha in aice láimhe a thruailliú.

Tá an brat coillearnaí is lú againn san Eoraip agus an scéal amhlaidh de bharr tosca stair fhada na hÉireann. Tá iarrachtaí á dhéanamh chun na limistéir bheaga de sheanchoillearnach dúchasach a chosaint mar pháirceanna náisiúnta agus mar 'limistéir chaomhantais speisialta'. I measc na samplaí tá coillte forleathana uathúla i bPáirc Náisiúnta Chill Áirne, Coill Naomh Eoin (Saint John's Wood) i gContae Ros Comáin agus na coillte dara ar shleasa claonarda Shléibhte Chill Mhantáin.

BAGAIRTÍ DON GHNÁTHÓG

Uaireanta glantar ár gcoillearnacha dúchasacha chun rudaí a thógáil agus is minice fós a chuirtear brú as cuimse orthu de bharr fianna agus gabhair a bheith ag ró-innilt orthu. Itheann siad seo síleoga na gcrann agus stopann siad crainn óga fás aníos. Fadhb faoi leith iad na fianna Seapánacha. Tugadh an róslabhras isteach ó Shléibhte na Himiléithe toisc na mbláthanna móra geala a bhíonn air agus toisc gur féidir leis fás go maith i gcoillearnach scáthach. Tá sé ag fás chomh tréan sin go bhfuil ceannas aige ar a lán coillte agus scáil chomh dorcha thíos faoi nach féidir le rud ar bith fás ann.

Má bhailítear ábhar tine sna coillearnacha d'fhéadfadh nach mbeadh lomán marbh ar bith fágtha ar an talamh agus is micreaghnáthóga tábhachtacha iad seo le haghaidh inveirteabraigh agus fungais. Ní féidir leo maireachtáil beo ach ar lomáin atá ag lobhadh. Má théann daoine ag rothaíocht ar ghluaisrothair agus ar ghluaisrothair ceathair-rothach cuireann siad as don fhiadhúlra, cothaíonn siad creimeadh ithreach agus déanann siad damáiste do fhréamhacha crann.

CAD IS FÉIDIR LE DAOINE A DHÉANAMH CHUN AN GHNÁTHÓG A CHOSAINT

Comhoibrigh le heagraíochtaí le cinntiú go ndéantar bainistíocht agus cosaint ar choillearnacha i do cheantar i gceart. Cuir oideachas ar dhaoine eile maidir leis an tábhacht a bhaineann le hadhmad marbh a fhágáil ar thalamh na foraoise agus speicis ionracha a choinneáil amach ó choillte.

Tá coillearnacha ar fud an domhain á leagadh gan gá chun adhmaid a fháil ar bhealach nach bhfuil inbhuanaithe. Is é an toradh atá leis ná speicis iomlána ag fáil báis, caillteanas gnáthóige dochúlaithe agus athrú aeráide. Bí cinnte nuair a cheannaíonn tú táirgí ar nós uirlisí, troscán nó urláir go bhfuarthas an t-adhmad ó fhoraoiseacha a bhfuil teastas inbhuanaitheachta acu. Is féidir le daoine foraoiseacha crua-adhmaid inbhuanaithe a chur chun cinn freisin, nó a phlandáil fiú, le go mbeidh soláthar dár gcuid féin againn agus nach mbeidh orainn acmhainní luachmhara mór-ranna eile a chreachadh.

TUILLEADH EOLAIS

- Ireland's Wild Countryside le hÉamon de Buitléar (Boxtree, 1993)
- Atlas of the Rural Irish Landscape arna chur in eagar ag FHA Aalen, K Whelan agus M Stout (Cork University Press, 1997)
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: *www.npws.ie*
- Caomhnú sa phobal: *www.heritageknowhow.ie*
- An Taisce: *www.antaisce.com*
- Comhairle Crann na hÉireann: *www.treecouncil.ie*
- Native Woodland Trust: *www.nativewoodtrust.ie*
- Woodlands of Ireland: *www.woodlandsofireland.com*